

CLÁR

1. Réamhrá 2
2. Achoimre Fheidhmeach 4
3. An Stádas Reatha 6
4. Anailís ar na Roghanna Féideartha 8
5. An tSamhail Nua Mhaoinithe atá á Moladh 10
6. Plean Feidhmiúcháin 15

Aguisín I: Clár Ama 18

Aguisín II: Sliocht as an Tuairisc – Athbhreithniú ar na hEagrais Bhunmhaoinithe 19

1. RÉAMHRÁ

Baineann an tuairisc seo le todhchaí maoinithe na n-eagrais bunmhaoinithe. Ullmhaíodh an tuairisc seo chun samhail nua mhaoinithe atá á moladh ag an Choiste Forbartha a chur ar aghaidh chuig Bord Fhoras na Gaeilge i gcomhair a faofa agus ullmhaíodh é ar shainiarratas ó agus i gcomhar leis an Choiste Forbartha, coiste de chuid Bhord Fhoras na Gaeilge a tharmlig an cúram dó. Cuimsíonn an tuairisc seo, agus an tsamhail atá molta, straitéis, tosaíochtaí, agus próiseas maoinithe ag tabhairt cúinsí uile-oileánda an Fhorais san áireamh. Gan amhras is é cinneadh na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT), 2 Nollaig 2009, a chuir dlús leis an obair agus mar chuid den tuairisc seo, pléitear roghanna féideartha ag eirí as an chinneadh sin. Is é toradh na tuairisce seo ná go moltar samhail nua mhaoinithe amháin.

1.1. Cuspóirí agus cur chuige

Ba iad téarmaí tagartha na hoibre seo ná:

- Samhail mhaoinithe don Fhoras a mholadh a thógann san áireamh:
 - Cinneadh na CATT
 - Cúinsí uile-oileánda, agus
 - Freagrachtaí dlíthiúla Fhoras na Gaeilge

- Sonraíocht thacaíochta a fhorbairt maidir le:
 - Scéimeanna agus Deontais
 - Modh iarratais
 - Measúnú
 - Fógairt Torthaí
 - Ceisteanna agus moltaí oibriúcháin, tacaíochta agus bainistíochta leis an tsamhail a chur i bhfeidhm i bhForas na Gaeilge ag leibhéal an Bhoird agus ag leibhéal an Fheidhmeannais araon.

- Moltaí a sholáthar maidir le clár ama do na gnéithe seo sna trí bliana romhainn.

Ba iad príomhchéimeanna na hoibre ná:

- **Céim I: Cruinniú pleanála** - chun an modh oibre agus sonraí eile a shocrú. Bhí an modh oibre bunaithe ar na téarmaí tagartha thuas agus ar chinneadh CATT go háirithe (Féach Mír 3)
- **Céim 2: Dréacht I den tuairisc a ullmhú** - bhí cruinniú luath sa phróiseas chun struchtúr na tuairisce a phlé agus tús a chur leis an anailís. Rinneadh anailís agus measúnú ar na roghanna uile, ar cur san áireamh na mbuntáistí agus míbhuntáistí a bhain le gach rogha
- **Céim 3: Ceardlann chun na roghanna féideartha a phlé agus moltaí a chur chun tosaigh** - reáchtáladh ceardlann le foireann Fhoras na Gaeilge chun líon na roghanna féideartha a phlé agus moltaí a chur chun tosaigh. Bhí an cheardlann seo bunaithe ar dhréacht I den tuairisc ullmhaithe ag Foras na Gaeilge i gcomhar le Mazars.

- **Céim 4: Críoch na hoibre** - tar éis na ceardlainne thuasluaite rinneadh athruithe bunaithe ar chinntí agus mholtaí fhoireann Foras na Gaeilge agus cuireadh dréacht II den tuairisc ar aghaidh.

Tá an clár ama chun an tuairisc a ullmhú agus a phlé suas go dtí an chruinniú CATT leagtha amach in Aguisín I den tuairisc seo.

1.2. An Tuarascáil

Sonraíonn an tuarascáil seo moltaí bunaithe ar an chur chuige thuas agus tá an struchtúr seo a leanas uirthi:

- Mír 2: Achoimre Fheidhmeach
- Mír 3: An Stádas Reatha
- Mír 4: Anailís ar na Roghanna Féideartha
- Mír 5: An tSamhail Mhaoinithe Nua atá á Moladh
- Mír 6: Plean Feidhmiúcháin

2. ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Le tamall anois, tá an-bhéim curtha ag na Ranna ar na heagrais bhunmhaoinithe agus an straitéis agus samhail mhaoinithe a bhaineann leis an chiste a leithdháiltear go bliantúil ar na 19 eagrais. Nuair a chuirtear cur san áireamh go n-áiríonn an ciste bunmhaoinithe timpeall is leath de bhuiséad maoinithe Fhoras na Gaeilge, ní haon ionadh sin. Go príomha tá an cheist seo dírithe ar luach ar airgead maidir leis an chiste agus an tsamhail is fearr agus is éifeachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus seirbhísí a sholáthar do phobal labhartha na Gaeilge agus iad siúd atá báúil léi.

Ar 2 Nollaig 2009 rinne an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) cinneadh gan na gealltanais atá ann faoi láthair maidir le bunmhaoiniú a athnuachan ar bhonn bliantúil ó Eanáir 2010. Chinn an CATT go dtabharfadh Foras na Gaeilge cuireadh ar iarratais ón earnáil bhunmhaoinithe chun:

- Eagrais amháin (nó b'fhéidir líon teoranta eagrais, le sonraí ar pharaiméadair an chuiridh mhaoinithe i dtaobh seo le bheith aontaithe amach anseo ag an Bhord agus na Ranna Urraíochta, tar éis dul i gcomhairle le heagrais bhunmhaoinithe ábhartha), le ról ionadaíochta, scaipeadh eolais, abhcóideachta agus soláthar acmhainní agus tacaíocht, don earnáil go hiomlán, agus
- Ag leibhéal áitiúil, grúpaí a bhfuil cur chuige comhtháite á ghlacadh acu maidir le cur chun cinn na teanga, lena n-áirítear obair i suímh éagsúla – pobal, teaghlach, oideachas agus an óige.

Leagadh amach amlíne dhúshlánach chun an tsamhail nua seo a chur i bhfeidhm: is é sin ó Mheitheamh 2010 ar aghaidh.

Mar gheall ar an treoir thuas agus na cinntí déanta, bhunaigh Foras na Gaeilge Coiste Forbartha chun moltaí sonracha maidir leis an tsamhail nua mhaoinithe a chur ar aghaidh chuig Bord an Fhorais i gcomhair a faofa. Pléadh roinnt féidearthachtaí mar atá leagtha amach i Mír 4, is é sin roghanna laistigh de pharaiméadair chinneadh CATT. Tá samhail amháin á moladh anois ag an Choiste Forbartha; is é seo a leanas achoimre ar an tsamhail nua atá leagtha amach i Mír 5.

- Beidh an tsamhail nua bunaithe ar phunann scéimeanna a bheas á fhógairt d'earnáil na Gaeilge ina iomláine, seachas do líon áirithe eagrais
- Beidh dualgas fós ar Fhoras na Gaeilge maoiniú éigin a chur ar fáil do na heagrais ar leith atá luaite sa reachtaíocht (8 gcinn san iomlán), in easpa ionstraim reachtúla chun seo a athrú. Tá leasú reachtúil á mholadh anseo chun gur féidir an ciste ina iomláine a leithdháileadh bunaithe ar iomaíocht oscailte agus ar na hiarratais is fearr
- Ullmhóidh Foras na Gaeilge straitéis lárnach amháin don chiste seo. Socrófar an punann scéimeanna faoi threoir na straitéise seo agus athbhreithneofar ar bhonn bliantúil í bunaithe ar bhaint amach na dtorthaí beartaithe agus ar aighneachtaí a éileoidh Foras na Gaeilge gach bliain ó earnáil na Gaeilge
- Cé go ndéanfar tuilleadh oibre air seo ar ball (féach an plean feidhmiúcháin i Mír 6), tá sé á mholadh ag an phointe seo go bhforbróidh Foras na Gaeilge scéimeanna faoi na catagóirí seo a leanas:

- Scéim raidió áitiúil
 - Scéim na nEalaíon
 - Scéim oideachais
 - Scéim tacaíochta teaghlaigh
 - Scéim cumasaithe pobal
 - Scéim óige
 - Scéim abhcóideachta agus taighde
- Cé go dtabharfaidh Foras na Gaeilge aird chuí ar sheasamh na Gaeilge sa dá dhlínse, níl sé beartaithe dhá phunann scéimeanna a bhunú. Bhéarfaidh Foras na Gaeilge aird chuí ar an chomhthéacs agus ar na riachtanais áirithe sa dá dhlínse chun a chinntiú go dtig scéim a chur i bhfeidhm mar is cóir agus go mbainfear na torthaí cuí amach
 - Beidh an próiseas iarratais bunaithe ar iomaíocht oscailte, mar atá á fheidhmiú i gcás na scéimeanna eile atá a reáchtáil cheana ag Foras na Gaeilge. Thig eilimintí de na creatlaigh agus na córais atá in úsáid cheana a úsáid mar bhunús leis an chóras do na scéimeanna thuasluaite seo
 - Maoiníofar iarratasóir bunaithe ar chur i bhfeidhm an tionscadail luaite sa scéim, is é sin na costais incháilithe agus cheadaithe, seachas a bheith bunaithe ar shamhail an bhunmhaoinithe eagraíochtúil
 - Beidh bainistíocht feidhmíochta agus monatóireachta dírithe go príomha ar thorthaí agus bunóidh Foras na Gaeilge córas chun seo a threorú agus a bhainistiú go teann.

Bunaithe ar chinneadh CATT is gá an tsamhail nua mhaoinithe seo a chur i bhfeidhm ar an toirt. Siocair go bhfuil athrú suntasach i gceist, agus go bhfuil riosca ag baint le claochlú agus córas nua ar bith, moltar anseo, áfach, an t-athrú a chur i bhfeidhm go céimnitheach mar a leanas leis an riosca a mhaolú:

- Scéim amháin a rith ó Eanáir 2011 bunaithe ar an tsamhail mhaoinithe nua, mar scéim phíolótach
- Reáchtáil leis an chóras reatha don bhliain reatha (go Nollaig 2010)
- Reáchtáil leis an chóras reatha don chéad leath den bhliain dar gcionn (go Meitheamh 2011), ach go mbeidh socrúithe idirlinne i gceist freisin ó Eanáir go Meitheamh 2011, ag cuimsiú béim níos láidre ar thorthaí
- An tsamhail mhaoinithe nua a chur i bhfeidhm go hiomlán ó lár 2011, ag cuimsiú ocht mí dhéag go deireadh Nollaig 2012.

Leagtar amach plean feidhmiúcháin sonracha don tsamhail seo i Mír 5.

3. AN STÁDAS REATHA

3.1. An Stádas Reatha

Sa bhliain 2008 chaith Foras na Gaeilge 40% de bhuiséad iomlán na bliana ar na heagrais bhunmhaoinithe – timpeall is €8 milliún. As an mhaoiniú sin caitheadh leath an airgid (50.48%) ar thuarastail. Cé gur tháinig íslíú de 4.25%, ar an bhunmhaoiniú in 2009, tháinig ardú 6.4% ar chostas tuarastal na bhfostaithe.

Bunaithe ar an treocht thuas, agus dá leanfadh seo ar aghaidh, bheadh formhór an mhaoinithe á chaitheamh ar thuarastal agus bheadh riosca ann do sholáthar seirbhísí. Tá an-suim léirithe ag na Ranna sa cheist seo, is é sin an bhfuil luach ar airgead á fháil maidir leis an chiste bunmhaoinithe?

Mar sin, i bhfianaise: tuairim na Ranna; an chéatadáin den mhaoiniú atá á chaitheamh ar thuarastal; agus cúrsaí eacnamaíochta i gcoiteann; cuireadh roinnt féidearthachtaí éagsúla os comhair an CATT.

3.2. Cúlra Polasaí

Cuireadh athbhreithniú i bhfeidhm ar na heagrais bhunmhaoinithe, mar a bhí dlite ar Fhoras na Gaeilge, le linn 2008 agus tús 2009. Tugadh cur i láthair don Bhord ar an tuairisc athbhreithnithe ag na cruinnithe ar 20 Feabhra 2009 agus 15 Bealtaine 2009, agus cuireadh cúinsí straitéiseacha ar a súile don Bhord maidir leis an todhchaí maoinithe do na heagrais bhunmhaoinithe. Tá na cúinsí straitéiseacha seo leagtha amach in Aguisín II. Ó shin tá an-suim léirithe ag na Ranna Urraíochta sa cheist:

- Tagraíodh don cheist ag cruinniú leis na Ranna Urraíochta, ar tugadh tuairisc faoi ag an Chruinniú Boird ar 19 Meitheamh 2009, áit ar cuireadh in iúl go mbeadh na hAirí ag dúil le sábháiltí i bhfianaise plé ag an CATT i mí Eanáir 2009
- Tá tagairt shonrach curtha isteach sa Phlean Gnó le haghaidh 2009 ar shainiarratas ó na Ranna Urraíochta a thagraíonn don athbhreithniú – “Leanfaidh Foras na Gaeilge ar aghaidh ag soláthar bunmhaoinithe agus maoinithe ar thionscnaimh do réimse eagrais faoi réir thorthaí an athbhreithnithe”
- Phléigh an tAire Ó Cuív an cheist ag an Chruinniú Boird ar 19 Meitheamh 2009, agus
- Rinne an tAire Ó Cuív tagairt don cheist ag an chruinniú den CATT ar 9 Iúil 2009. Le linn an phlé, luadh go sonrach na 19 eagrais agus an gá le cuíchóiriú agus sábháiltí
- Shocraigh an CATT ar 2 Nollaig 2009 gur gá athchumrú chun teacht ar mhúnla cuíchóirithe agus éifeachtach a bheadh ann don todhchaí, ag cinntiú ag an am céanna go mbeadh socrúithe rialachais ceart i bhfeidhm.

3.3. Cinneadh CATT

Tar éis tuairisc ar athbhreithniú na n-eagrais bunmhaoinithe a nótáil, rinne an CATT na ceithre rogha sa phlé-cháipéis a mheas. Is iad na roghanna a pléadh nó:

- **Rogha 1:** Leanúint ar aghaidh mar atá faoi láthair
- **Rogha 2:** Cur chuige bunaithe ar sheirbhísí roinnte
- **Rogha 3:** Straitéis agus creatlach don chiste a bheith sainmhínithe go sonrach ag Foras na Gaeilge
- **Rogha 4:** Cur chuige bunaithe ar Foras na Gaeilge ag forfheidhmiú na straitéise go himheánach, nó ina áit sin, ag maoiniú eagrais mar ghníomhairí feidhmiúcháin

Shocraigh an CATT ar rogha 3 agus cinneadh go dtabharfadh Foras na Gaeilge cuireadh ar iarratais ón earnáil bhunmhaoinithe chun:

- Eagrais amháin (nó b'fhéidir líon teoranta eagrais, le sonraí ar pharaiméadair an chuiridh mhaoinithe i dtaobh seo le bheith aontaithe amach anseo ag an Bhord agus na Ranna Urraíochta, tar éis dul i gcomhairle le heagrais bhunmhaoinithe ábhartha), le ról ionadaíochta, scaipeadh eolais, abhcóideachta agus soláthar acmhainní agus tacaíocht, don earnáil go hiomlán, agus
- Ag leibhéal áitiúil, grúpaí a bhfuil cur chuige comhtháite á ghlacadh acu maidir le cur chun cinn na teanga, lena n-áirítear obair i suímh éagsúla - pobal, teaghlach, oideachas agus an óige.

Chinn an CATT freisin nach mbeadh na gealltanais ann faoi láthair, maidir le bunmhaoiniú, á athnuachan ar bhonn bliantúil mar a rachadh siad in éag. Leagadh amach amlíne dhúshlánach chun an tsamhail nua seo a chur i bhfeidhm: is é sin ó Mheitheamh 2010 ar aghaidh.

3.4. Cúinsí agus impleachtaí don todhchaí

Is léir ón méid seo nach rogha réadúil í leanúint leis an *status quo* agus go bhfuil athrú suntasach molta ag an CATT chun teacht ar mhodh cúchóirithe agus éifeachtach don todhchaí.

Mar gheall ar chinneadh CATT agus an phráinn atá ag baint leis an cheist, tá roghanna féideartha bunaithe ar chinneadh CATT leagtha amach sa cháipéis seo, le cois rogha amháin atá molta móide plean feidhmiúcháin chun an rogha áirithe seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

4. ANAILÍS AR NA ROGHANNA FÉIDEARTHA

Is gá na roghanna féideartha a aithint laistigh de pharaiméadair chinneadh CATT. Ag 2 Nollaig 2009 rinne an CATT cinneadh, mar atá leagtha amach i Mír 3, gan na gealltanais atá ann faoi láthair maidir le bunmhaoiniú a athnuachan ar bhonn bliantúil don bhliain 2010. Seo a leanas achoimre ar na paraiméadair a bhaineann le cinneadh CATT:

- Foras na Gaeilge chun an misean, straitéis agus paraiméadair don chiste a shainmhíniú, ag áireamh líon agus fócas na n-eagras a bheidh le maoiniú
- Rinneadh idirdhealú idir
 - scátheagrais nó eagrais ag soláthar seirbhísí don earnáil go hiomlán le ról ionadaíochta/scaipeadh eolais/abhcóideachta/soláthar acmhainní agus tacaíochta, agus
 - eagrais le fócais áitiúla nó ag cur seirbhísí ar fáil go háitiúil
 ach níor glacadh cinneadh deireanach maidir le líon na n-eagras
- Cé go teoiriciúil go dtiocfadh le níos mó nó níos lú eagras a bheith ag cur isteach ar an scéim, is é an bunphrionsabal nó gur ghá athailíniú suntasach teacht ar earnáil bhunmhaoinithe na Gaeilge
- Cuirfear maoiniú ar fáil bunaithe ar an tsamhail thuas, agus thig leis na heagrais bhunmhaoinithe atá ann faoi láthair cur isteach air nó gan cur isteach air

Rinneadh anailís ar na roghanna féideartha faoi réir chinneadh CATT in éadan an tseicliosta sa tábla seo a leanas, chun na féidearthachtaí a aithint. Léiríonn (✓) go bhfuil roghanna ag Foras na Gaeilge laistigh de chinneadh CATT, agus (X) nach bhfuil roghanna, is é sin go bhfuil an cinneadh CATT iomlán soiléir.

	Seicliosta	√/X	Roghanna féideartha
1	Ról Fhoras na Gaeilge	X	Tá ról agus dualgaisí Foras na Gaeilge soiléir ó chinneadh CATT. Is gá d'Fhoras na Gaeilge straitéis agus samhail mhaoinithe a fhorbairt don chiste.
2	Pleananna straitéise agus gnó	X	
3	Raon na n-eintiteas atá le maoiniú	✓	Níl raon na n-eintiteas leagtha amach ach tá sé intuigthe ón chinneadh go bhfuil athailíniú suntasach ag teastáil ón gCATT chun modh níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm don todhchaí. Dá mbeadh líon na n-eintiteas á shainmhíniú ag Foras na Gaeilge is dóigh go mbeadh na míbhuntáistí a leanas i gceist: <ul style="list-style-type: none"> ▪ Bheadh a lán oibre agus tréimhse fhada ama de dhíth le hathstruchtúrú a dhéanamh ar an earnáil ag cur san áireamh líon na n-eintiteas a mholadh agus a chur i bhfeidhm ▪ Bheadh riosca ann nach mbeadh na heagrais agus na grúpaí is fearr atá ábalta torthaí na

	Seicliosta	√/X	Roghanna féideartha
			scéimeanna a bhaint amach, clúdaithe sa chomórtas más é go bhfuil líon na n-eintiteas incháilithe socrúithe roimh ré.
4	Bainistíocht feidhmíochta agus monatóireachta	√	Ní shonraíonn cinneadh CATT an creatlach maidir leis seo. Tá rogha iomlán ag Foras na Gaeilge ó fhócas ar chomhlíonadh (critéir agus coinníollacha) go fócas ar thorthaí (tomhaiste de réir torthaí sainmhínithe agus spriocanna intomhaiste). Ní bheadh fócas ar chomhlíonadh critéar agus coinníollacha amháin ag teacht le dea-chleachtas agus bheadh sé níos deacra d'Fhoras na Gaeilge luach ar airgead agus baint amach torthaí a thaispeáint go leanúnach.
5	Fráma ama le forfheidhmiú	X*	Tá cinneadh CATT an-soiléir maidir leis an chlár ama.
6	An tsamhail maoinithe	√	Tá rogha ag Foras na Gaeilge maidir leis an modh chun an tsamhail mhaoinithe a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú amach anseo. Go praiticiúil, áfach, eascraíonn an tsamhail agus an próiseas riaracháin ó na cinntí a dhéanfar faoi 1–5 ar an seicliosta seo.
7	Riarachán an phróisis um maoiniú	√	

*Cé go bhfuil cinneadh CATT an-soiléir maidir leis an chlár ama, molann Foras na Gaeilge an clár ama don tsamhail iomlán a chur i bhfeidhm go céimnitheach agus socrúithe sealadacha a dhéanamh san idirlinn.

5. AN tSAMHAIL MHAOINITHE NUA ATÁ Á MOLADH

Bunaithe ar an anailís thuas, leagann an mhír seo amach príomheilimintí na samhaile nua maoinithe, ina measc: na ceisteanna agus moltaí oibriúcháin, tacaíochta agus bainistíochta leis an tsamhail a chur i bhfeidhm san Fhoras ag leibhéal an Bhoird agus ag leibhéal an Fheidhmeannais. Beidh an creatlach nua bunaithe ar na heilimintí seo a leanas:

1. Ról agus freagrachtaí dlíthiúla Foras na Gaeilge

- Ról Foras na Gaeilge mar mhaoinitheoir a athrú i dtreo creatlaigh atá bunaithe ar a chuid straitéisí agus pleananna féin le gnónna ar leith sainmhínithe don chiste seo.
- Beidh ról Foras na Gaeilge, mar mhaoinitheoir, níos leithne, ag cur san áireamh go mbeidh an ciste seo ar fáil don earnáil go hiomlán anois, agus ní hamháin do na heagrais (iar)bhunmhaoinithe.
- Is gá d'Fhoras na Gaeilge aird chuí a thabhairt ar sheasamh na Gaeilge sa dá dhlínse. Níl sé beartaithe dhá phunann scéimeanna a bhunú ach tabharfar aird ar an chomhthéacs dlínsiúil scéim ar scéim. Agus scéimeanna á bhforbairt, á bhfógairt agus á gceadú bhéarfaidh Foras na Gaeilge aird chuí ar an chomhthéacs agus ar na riachtanais áirithe sa dá dhlínse chun a chinntiú go dtig an scéim a chur i bhfeidhm mar is cóir agus go mbainfear na torthaí cuí amach.
- Aistríodh feidhmeanna maidir le maoiniú na n-eagrais bunmhaoinithe isteach i bhForas na Gaeilge faoin reachtaíocht a bhunaigh í. Tá dualgas fós ar Fhoras na Gaeilge maoiniú éigin a chur ar fáil do na heagrais sainluaite sa reachtaíocht (8 san iomlán), in éagmais ionstraime reachtúla chun seo a athrú. Tá athrú reachtúil á mholadh anseo chun gurbh fhéidir an ciste ina iomláine a leithdháileadh bunaithe ar iomaíocht oscailte agus ar na hiarratais is fearr.

2. Pleananna Straitéise agus Ghnó

- Ullmhóidh Foras na Gaeilge straitéis lárnach amháin don chiste, ag áireamh na ngnéithe seo:
 - Fís, cuspóirí agus spriocanna soiléire
 - Príomhchuspóirí aitheanta (Cumas, Stádas, Úsáid) atá faoi réir threoirphionsabail na pleanála teanga
 - Liosta scéimeanna agus deontas áirithe
 - Treoirlínte agus critéir ag baint leis na scéimeanna agus na deontais.
- Beidh an straitéis seo ar a bhfuil an tsamhail nua mhaoinithe á bunú (agus an leibhéal sonraíochta) cosúil leis an 'National Plan for Gaelic' in Albain ach amháin go bhfuil sé dírithe ar an chiste seo amháin, seachas ar an Ghaeilge ina iomláine. Ar ndóigh, beidh an fhís agus a n-eascróidh uathí ag teacht le gnéithe den Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, nuair a chinnteofar í sin.
- Ag glacadh leis go bhfuil saibhreas eolais, taithí agus ábaltacht san earnáil, moltar próiseas aighneachta a bhunú chun deis a thabhairt d'eagrais moltaí a chur chun tosaigh maidir le scéimeanna nó tionscnaimh a bheadh fiúntach chun an Ghaeilge a fhorbairt. Déanfaidh Foras na Gaeilge na haighneachtaí seo a mheas mar chuid den pleanáil leanúnach. Amach anseo lorgófar aighneachtaí go

foirmeálta gach bliain chun na scéimeanna a fhorbairt sa todhchaí. Mar shampla, fáilteoidh Foras na Gaeilge roimh aighneachtaí in 2012 chun scéimeanna 2013 a fhorbairt.

3. An tSamhail Mhaoinithe

- Beidh an ciste a leithdháileadh bunaithe ar na tionscadail/scéimeanna a bheidh sonraithe i bpleananna Fhoras na Gaeilge.
- Déanfar athbhreithniú foirmeálta ar na scéimeanna go léir, chun réasúnaíocht leanúnach na scéimeanna seo a mheas, bunaithe ar bhaint amach na dtorthaí beartaithe.

4. Riarachán an Phróisis Mhaoinithe

(a) Scéimeanna agus deontais

- Bunófar an liosta scéimeanna agus deontais ar straitéis agus ar phleanáil Fhoras na Gaeilge
- Leagann an ‘National Plan for Gaelic’, mar shampla, amach go gcuirfidh an Bord maoiniú ar fáil chun tacú le tionscadail agus gníomhaíochtaí sonraithe sa phlean agus go lorgóidh an Bord léiriú spéise ó eagrais nó grúpa ar bith chun na gníomhaíochtaí seo a chur i bhfeidhm. Seo a leanas samplaí de na tionscadail atá clúdaithe sa National Plan for Gaelic faoi na socrúithe seo.

Samplaí ón National Plan for Gaelic

- A campaign to promote the use and transmission of Gaelic in the home
 - A review of Gaelic childcare and early years provision to clarify existing provision, identify gaps and make recommendations for improving provision
 - Initiate a Gaelic-medium education (GME) promotional campaign to raise the profile of GME among parents, through the media and other means
 - A survey of adult Gaelic learning opportunities, highlighting the gaps in provision and establish an effective national system of Gaelic adult education
 - A Gaelic youth strategy to outline opportunities for young Gaelic speakers to use Gaelic
 - A programme of placements for students/graduates in work environments where Gaelic is used
- Cé go ndéanfar tuilleadh oibre air seo ar ball (féach an plean feidhmiúcháin i Mír 6), tá sé molta ag an pointe seo go mbeidh scéimeanna faoi na catagóir seo a leanas á bhforbairt ag Foras na Gaeilge:
 - Scéim raidió áitiúil
 - Scéim na nEalaíon
 - Scéim oideachais
 - Scéim tacaíochta teaghlaigh
 - Scéim cumasaithe pobal
 - Scéim óige
 - Scéim abhcóideachta agus taighde.

- D'fhéadfadh roinnt scéimeanna a bheith faoi gach ceann de na catagóir thuas m.sh. faoi oideachas bheadh: luathoideachas, soláthar aiseanna, tacaíocht do theagasc na Gaeilge, srl.
- Is féidir le Foras na Gaeilge an maoiniú a bhaineann le scéim ar bith a roinnt mar a leanas:

- Thar eagrais no iarratasóir amháin; nó
- Thar raon áirithe eagrais

Úsáidfeadh na prionsabail seo a leanas chun an maoiniú a dháilfeadh a mheas:

- Scóip no limistéar geografach an iarratais
- Socruithe comhoibrithe
- An gá le príomhpháirtí chun an scéim a réachtáil go héifeachtach
- Caighdeán an iarratais/iarratasóra maidir le heolas agus bonneagair áitiúil.

(b) Modh iarratais

- Beidh an próiseas nua bunaithe ar iomaíocht oscailte. Beidh eagrais ar bith, eagrais chomhcheangailte nó grúpaí d'eagrais (ní hamháin na 19 eagrais atá maoinithe faoin chiste faoi láthair) in ann cur isteach ar scéimeanna/tionscadail a bheidh sainmhínithe go lárnach ag Foras na Gaeilge agus a fhógrófar go bliantúil
- Ní bheidh bac ar aon eagrais atá ag fáil maoinithe ón chiste seo cur isteach ar fhoinsí maoinithe eile, ach Foras na Gaeilge a chur ar eolas faoin mhaoiniú seo
- Tá a lán scéimeanna á réachtáil ag Foras na Gaeilge faoi láthair agus mar sin tá réamhshamplaí ann cheana agus thig eilimintí de na creatlaigh agus na córais seo a úsáid mar bhunús leis an chóras don chiste seo
- Fógrófar an liosta scéimeanna agus deontas thuasluaite go bliantúil
- Ceadófar agus díolfar amach na costais dhíreacha atá ag baint leis an tionscadal ábhartha amháin. Ciallaíonn costais dhíreacha costais maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach leis an tionscadail beartaithe faoin scéim. Caithfeadh fianaise chuí a chur ar fáil, a léireoidh go soiléir go bhfuil na costais feiliúnach, inchurtha i leith an tionscadail, agus cáilithe. Is féidir, mar shampla, céatadán de thuarastal fostaí a chur isteach, nuair atá an céatadán seo ag teacht le tréimhse an tionscadail agus ionchur an fhostaí.

(c) Measúnú

- Déanfar an measúnú bunaithe ar na critéir chomónta seo a leanas:
 - Costas iomlán na scéime a chur i bhfeidhm
 - Ailíniú straitéiseach
 - Comhoibriú agus úsáid bonneagair agus acmhainní ar fáil cheana
 - Luach ar airgead
 - Taithí
 - Teist go dtí seo nó samhlaíocht agus nuálaíocht na dtionscadal
 - Cumas bainistíochta

- Caighdeán an iarratais
- Caighdeán na dtorthaí beartaithe agus an modh leagtha amach chun na torthaí seo a thomhais
- Luach breise

Chomh maith le critéir ar leith do gach scéim

- Le cois na gcritéar thuas déanfaidh Foras na Gaeilge an riosca atá ag baint leis an iarratas a mheas agus d'fhéadfaí riachtanais bhreise a mholadh a bheadh le haontú i bplean comhaontaithe
- Clúdóidh an córas measúnaithe scéim mharcála shoiléir díreach mar atá i bhfeidhm i gcás scéimeanna eile an Fhorais
- Nuair a bheidh cinneadh dearfach déanta maidir le hiarratas ar bith, ullmhófar plean comhaontaithe idir an maoinitheoir agus an eagrais atá le maoiniú. Beidh an plean seo mar chonradh don tréimhse iomlán maoinithe agus leagfar amach dualgais shoiléire na páirtithe go léir, díreach mar atá i bhfeidhm i gcás na scéimeanna eile atá á réachtáil ag Foras na Gaeilge faoi láthair.

(d) Fógairt torthaí

Nuair a bheidh cinneadh déanta leanfar na céimeanna seo a leanas:

- I gcás diúltaithe, seolfar amach litir ag léiriú gur diúltaíodh don iarratas agus cuirfear fáilte roimh an iarratasóir an cinneadh a phlé le Foras na Gaeilge.
- Nuair a glactar le hiarratas, tabharfar na céimeanna seo a leanas
 - Seolfar amach litir thairisceana le coinníollacha ar leith a bheas le sonrú sa phlean comhaontaithe
 - Socrófar plean comhaontaithe leis an iarratasóir, sínithe ag na páirtithe go léir, taobh istigh d'amlíne shainmhínithe
 - Eiseofar preasráiteas maidir leis na cinntí/deontais ceadaithe
 - Fógrófar cinntí an Bhoird ar an suíomh idirlín.

5. Bainistíocht feidhmíochta agus monatóireacht

- Beidh bainistíocht feidhmíochta agus monatóireacht dírithe go príomha ar thorthaí
- Leagfaidh Foras na Gaeilge síos treoir maidir le spriocanna agus torthaí inmhianaithe do na scéimeanna/tionscadail áirithe
- Beidh sé mar dhualgas ar na heagrais tuilleadh sonraíochta a dhéanamh ar na torthaí inmhianaithe taobh istigh den chreatlach leagtha amach ag an Fhoras
- Cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil fócas ar thorthaí agus go bhfuil siad intomhaiste agus an plean comhaontaithe á chinntiú
- Beidh sé mar dhualgas ar an eagrais na rudaí seo a leanas a dhéanamh:
 - Tuairisciú cruinn a dhéanamh ar na torthaí beartaithe, agus an t-iarratas á líonadh isteach
 - Na torthaí bainte amach a thomhas agus tuairisciú don Fhoras, tar éis don scéim nó don tionscadal a bheith curtha i bhfeidhm
 - Tuairisciú tréimhsiúil a dhéanamh, áit a bhfuil seo socraithe idir na páirtithe

- Déanfar measúnú rialta ar bhaint amach na dtorthaí de réir clár ama aontaithe, agus tabharfar céimeanna ceartaithe/cúitimh más cuí
- Beidh sé thar a bheith tábhachtach go gcloífead leis an phróiseas seo go hiomlán. Beidh sé de chead ag Foras na Gaeilge aon chuid den deontas a bheidh íoctha a aisghairm i gcás mí-úsáid deontais. Beidh sé de chead ag Foras na Gaeilge aon chuid den deontas a bheidh gan íoc a chealú sa chás go sárófar gan chead oifigiúil, i dtuairim Fhoras na Gaeilge, aon cheann de na téarmaí nó coinníollacha thuasluaite ach amháin sa chás go dtiocfar ar réiteach chun sástacht Fhoras na Gaeilge.

6. Raon na n-eintiteas atá maoinithe

- Siocair nach bhfuil samhail bhunmhaoinithe i gceist don todhchaí níl Foras na Gaeilge ag leagan síos raon na n-eintiteas atá in ann maoiniú a fháil. Beidh leithdháileadh an chiste bunaithe ar na hiarratais is fearr a bhainfidh amach an fhís agus na torthaí beartaithe.

7. Amlíne

- Bunaithe ar chinneadh CATT is gá an tsamhail nua mhaoinithe seo a chur i bhfeidhm ar an toirt. Léiríonn an cinneadh seo go soiléir nach gcuirfead maoiniú ar fáil bunaithe ar na socrúithe reatha amach anseo agus go bhfuil sé ar intinn ag an CATT na socrúithe nua a chur i bhfeidhm ó lár 2010 ar aghaidh
- Siocair go bhfuil athrú suntasach i gceist, agus bunaithe ar na himpleachtaí thuasluaite, tá sé molta anseo, áfach, an t-amlíne a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnitheach. Tá moltaí maidir leis an chlár ama do na gnéithe seo sna trí bliana romhainn leagtha síos i Mír 6 – Plean Feidhmiúcháin.

6. PLEAN FEIDHMIÚCHÁIN

Tá pleananna feidhmiúcháin leagtha amach mar a leanas:

- Cur i bhfeidhm na samhaile maoinithe nua
- Plean feidhmiúcháin ó thaobh na n-eagrais de
- Plean leanúnach ó 2013 ar aghaidh

6.1. Cur i bhfeidhm na samhaile maoinithe nua

Leagann an tábla thíos amach an plean feidhmiúcháin chun an tsamhail mholta (leagtha amach i Mír 5) a chur i bhfeidhm. Tá amlíne dhúshlánach leagtha amach ag an CATT chun an tsamhail mhaoinithe nua seo a chur i bhfeidhm – ó Meitheamh 2010 ar aghaidh.

Siocair go bhfuil athrú suntasach i gceist, agus go bhfuil riosca ag baint le claochlú agus córas nua ar bith, moltar anseo, áfach, an t-amlíne a chur i bhfeidhm go céimnitheach mar a leanas leis an riosca a mhaolú:

- Scéim amháin a rith ó Eanáir 2011 bunaithe ar an tsamhail mhaoinithe nua, mar scéim phíolótach
- Reáchtáil leis an chóras reatha don bhliain reatha (go Nollaig 2010)
- Reáchtáil leis an chóras reatha don chéad leath den bhliain dar gcionn (go Meitheamh 2011), ach go mbeidh socruithe idirlinne i gceist freisin ó Eanáir go Meitheamh 2011, ag cuimsiú béim níos láidre ar thorthaí
- An tsamhail mhaoinithe nua a chur i bhfeidhm go hiomlán ó lár 2011, ag cuimsiú ocht mí dhéag go deireadh Nollaig 2012.

	Céimeanna	Amlíne
1	Tuairisciú don CATT agus moltaí chuig na Ranna	Bealtaine 2010
2	Straitéis agus plean don chiste a fhorbairt, ag áireamh na ngnéithe seo: fíis, spriocanna, treoirphrionsabail, agus liosta scéimeanna agus deontais*	Meitheamh go Iúil 2010
3	Socruithe idirmheánacha a shainmhíniú don chéad leath de 2011 (suas go Meitheamh 2011) m.sh. béim níos láidre ar thorthaí	Iúil 2010
4	Sonraíocht a dhéanamh ar na scéimeanna agus deontais indibhidiúla le cur sios cruinn agus cuimsitheach ar chuspóirí, thorthaí réamh-mheasta, threoirlínte, chritéir agus pharaiméadair na scéimeanna áirithe*	Lúnasa 2010
5	Córas iarratais agus measúnaithe a ullmhú chun na scéimeanna a riar agus a bhainistiú, leis na gnéithe seo ann: treoirlínte, foirmeacha agus cáipéisí cuí	Meán Fómhar 2010

	Céimeanna	Amlíne
	m.sh., foirm iarratais, córas marcála don mheasúnú, conradh, litir dhiúltaithe srl.	
6	Iarratais ar áis ó na heagrais bhunmhaoinithe don chead leath den bhliain (go Meitheamh 2011), le béim níos láidre ar thorthaí	Meán Fómhar 2010
	Clochmhíle: Dáta seolta na gcáipéisí iomlána don chruinniú Boird	Deireadh Fómhar 2010
7	An polasaí agus an tsamhail nua a chur in iúl do pháirtithe ábhartha, d'earnáil na Gaeilge, agus don phobal go ginearálta	Deireadh Fómhar 2010
8	Scéim amháin a reáchtáil mar scéim phiolótach <ul style="list-style-type: none"> - Fógairt na scéime - Cinntí Boird 	Tús Dheireadh Fómhar 2010 Eanáir 2011
9	An tsamhail mhaoinithe nua curtha i bhfeidhm ina iomláine – idir riarachán, bhainistiú agus mhonatóireacht leanúnach.	Meitheamh 2011 agus ar aghaidh

*Is gá cinneadh de chuid Bhord Fhoras na Gaeilge a fháil ar na haschuir ag na pointí seo.

6.2. Plean feidhmiúcháin ó thaobh na n-eagras de

	Céimeanna	Amlíne
Ag reáchtáil leis an chóras reatha don chead leath den bhliain dar gcionn (go Meitheamh 2011)		
1	Iarratais istigh	Lúnasa 2010
2	Cinntí Boird	Samhain 2010
Scéim phiolótach		
1	Iarratais istigh	Deireadh Shamhain 2010
2	Cinntí Boird	Eanáir 2011
An tsamhail mhaoinithe nua ó Iúil 2011 (ar feadh 18 mí)		
1	Iarratais istigh	Feabhra 2011
2	Cinntí Boird	Meitheamh 2011

6.3. Plean leanúnach ó 2013 ar aghaidh

	Céimeanna	Amlíne
1	Cinneadh de chuid Bhord Fhoras na Gaeilge ar scéimeanna na bliana leis na búiséid ábhartha	Márta
2	Fógairt na scéimeanna	Aibreáin
3	Iarratais istigh	Meitheamh
4	Measúnú déanta	Meán Fómhair

	Céimeanna	Amlíne
5	Cinntí Boird	Deireadh Fómhar
6	Fógairt cinntí Boird	Deireadh Fómhar
7	Pleananna comhaontaithe socruithe	Samhain
8	Bainistíocht agus monatóireacht leanúnach	I rith na bliana ina dhiaidh sin

Aguisín I

Clár ama

#	Céim	Dáta	Chun Plé
1	Tuairisciú don CATT agus moltaí leis na Ranna	26 Bealtaine	
2	Cruinniú Boird (Foras na Gaeilge)	21 Bealtaine	Tuairisc dheireanach
3	Dáta seolta na gcáipéisí don chruinniú Boird	12 Bealtaine	Tuairisc Dréacht III (Cinneadh straitéiseach, moltaí an Chóiste & Plean Feidhmiúcháin)
4	Dáta seolta moltaí an Choiste Forbartha chuig Foras na Gaeilge	10 Bealtaine	Tuairisc Dréacht II (& moltaí ón Chóiste)
5	Cruinniú an Choiste Forbartha	5 Bealtaine	Tuairisc Dréacht II (Cinneadh straitéiseach)
6	Dáta seolta na gcáipéisí chuig an Choiste Forbartha	4 Bealtaine	Tuairisc Dréacht II (Cinneadh straitéiseach)
7	Ceardlann chun roghanna a phlé agus moltaí a chur chun cinn	22 Aibreán	Tuairisc Dréacht I
8	Plé ag an Bhord (Foras na Gaeilge) maidir leis an chuíchóiriú	23 Aibreán	Téarmaí tagartha agus modh oibre
9	Dáta seolta na gcáipéisí do chruinniú boird Aibreán	14 Aibreán	Téarmaí tagartha agus modh oibre
10	Plé ag an Choiste Forbartha maidir leis an chuíchóiriú	13 Aibreán	Téarmaí tagartha agus modh oibre
11	Dáta seolta na gcáipéisí chuig an Choiste Forbartha	12 Aibreán	Téarmaí tagartha agus modh oibre

Aguisín II

Sliocht as an Tuairisc – Athbhreithniú ar na hEagrais Bhunmhaoinithe

5. CÚINSÍ STRAITÉISEACHA D'FHORAS NA GAEILGE

Mheas Foras na Gaeilge go raibh sé oiriúnach nach ndéanadh an próiseas athbhreithnithe thimthriallaigh measúnú ar shaincheisteanna oibríochtúla amháin ach go soláthródh sé deis chun machnamh a dhéanamh ar an gcreatlach straitéiseach atá i bhfeidhm chun an clár maoinithe do na heagrais bhunmhaoinithe a bhainistiú.

Tugann an t-alt seo mar sin, aghaidh ar chuspóir a trí den athbhreithniú sin:

- Cuspóir 3: Polasaí, straitéis agus struchtúr maidir le maoiniú na n-eagrais bunmhaoinithe a fhoirmiú

Tá méid fairsing roghanna ann d'Fhoras na Gaeilge maidir leis an gcreatlach straitéiseach atá i bhfeidhm chun an clár maoinithe do na heagrais bhunmhaoinithe a bhainistiú. Soláthraíonn an mhír seo uirlis struchtúrtha bainistíochta (Tábla 5.1 thíos) mar thaca le cinnteoireacht thar roinnt gnéithe. Léiríonn an tábla seacht ngné faoina bhfuil Foras na Gaeilge in ann a straitéis a mheas i dtaobh na n-eagrais bunmhaoinithe agus cuireann gach gné raon roghanna i láthair. Le cois seo léiríonn léaráid 5.2 thíos próifíl na ngníomhaíochtaí do na heagrais go léir.

Tá na ceisteanna thíos (Tábla 5.1) mar thaca le cinnteoireacht agus ba cheart dóibh tacú le soiléiriú, le hathdheimhniú, nó le malartú polasaithe agus le cinntí straitéiseacha, nuair is cuí.

Conclúid III: Tá méid fairsing de roghanna féideartha ann maidir le bainistíocht straitéiseach an chiste atá leithdháilte do na heagrais bhunmhaoinithe. Is ionann an chéad athbhreithniú monatóireachta seo agus deis thráthúil d'Fhoras na Gaeilge chun a chinntí éagsúla polasaithe agus bainistíochta straitéisí sa réimse seo, a mheasúnú, agus a dheimhniú nó a leasú, mar is cuí. Ba cheart breathnóireachtaí oibríochtúla a rinneadh in alt 4 den doiciméad seo a mheas freisin chun cinntí polasaithe a fhoirmiú.

Tábla 5.1

Tá na príomh-chinntí (i líne leis na roghanna leagtha amach thuas) atá le déanamh leagtha amach thíos.

#	Príomh-chinntí	Sea	Ní hea	NB	Ráiteas
	An status quo: An rogha ceart agus ciallmhar é leanúint leis an status quo?				
1	Ról Fhoras na Gaeilge: <ul style="list-style-type: none"> ▪ An ceart ról Fhoras na Gaeilge i straitéisí iolracha indibhidiúla neamhspleácha a mhaoiniú a leanúint ar aghaidh ▪ An ceart ról Fhoras na Gaeilge athrú i dtreo maoinithe de réir pleananna féin straitéise shainmhínithe agus ghnó 				

#	Príomh-chinntí	Sea	Ní hea	NB	Ráiteas
	<ul style="list-style-type: none"> Ar cheart don ról a bheith idir an dá rud (Soiléirigh, más cuí) <p>(Clúdaíonn roghanna raon ó straitéisí iolracha indibhidiúla neamhspleácha a mhaoiniú, go maoiniú de réir pleananna féin straitéise shainmhínithe agus ghnó)</p>				
2	<p>Raon na n-eintiteas forfheidhmithe atá maoinithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil tuairim ag Foras na Gaeilge maidir le méid na n-eintiteas a mhaoiníonn sé? An bhfuil rogha tosaíochta ag Foras na Gaeilge maidir le raon na n-eintiteas forfheidhmithe? Cad é, má tá ceann ann, an rogha tosaíochta? <p>(Roghanna ó eagrais iolracha a mhaoiniú, nó méid laghdaithe eagrais, nó dhá eagrais, nó ar aghaidh go dada (forfheidhmiú go léir a dhéanamh go hinmheánach)</p>				
3	<p>An tSamhail Mhaoinithe (Leithdháileadh Acmhainní):</p> <ul style="list-style-type: none"> An ceart d'Fhoras na Gaeilge an bunús stairiúil costais a choimeád (tá cuid shuntasach an chiste leithdháilte do thuarastail agus do chostais athfhillteacha m.sh. cíos)? An ceart d'Fhoras na Gaeilge dul i dtreo tosaíochtaí straitéiseacha sainmhínithe a mhaoiniú? An ceart an tsamhail a bheith idir an dá rud (Soiléirigh, más cuí) <p>(Raon roghanna ó bhunús stairiúil costais a choimeád go tosaíochtaí straitéiseacha atá sainmhínithe ag Foras na Gaeilge a mhaoiniú)</p>				
4	<p>Riarachán an Phróisis Mhaoinithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> An bhfuil an próiseas reatha d'iarratais oscailte laistigh de chritéir bhunaithe maoinithe fós oiriúnach? An ceart dul i dtreo cuireadh chun iarratais a chur isteach ar / iomaíocht oscailte faoi thionscnaimh atá sainmhínithe go lárnach ag Foras na Gaeilge? An bhfuil an rogha tosaíochta idir an dá rud (Soiléirigh, más cuí) <p>(Raon roghanna ó iarratais oscailte rialaithe ag critéir shainmhínithe maoinithe go iomaíocht bunaithe ar thionscnaimh sainmhínithe ag Foras na Gaeilge)</p>				

#	Príomh-chinntí	Sea	Ní hea	NB	Ráiteas
5	Pleananna Straitéise agus Ghnó: <ul style="list-style-type: none"> ▪ An ceart iontaoibh a chur ar straitéisí cineachta ar phleananna ghnó agus ar chórais um bainistíocht feidhmíochta d'eagrais indibhidiúla? ▪ An ceart straitéis lárnach amháin a bheith ann atá tacaithe le pleananna gnó agus le torthaí sainmhínithe agus intomhaiste don earnáil? ▪ An bhfuil an rogha tosaíochta idir an dá rud (Soiléirigh, más cuí) 				
6	Bainistíocht feidhmíochta agus Monatóireacht: <ul style="list-style-type: none"> ▪ An ceart bainistíocht feidhmíochta agus monatóireacht an chiste a bheith fócasaithe go príomha ar chomhlíonadh le critéir agus próisis shainmhínithe atá forfheidhmíte ag Foras na Gaeilge? ▪ An ceart bainistíocht feidhmíochta agus monatóireacht an chiste a bheith fócasaithe go príomha ar thorthaí? ▪ An bhfuil an rogha tosaíochta idir an dá rud (Soiléirigh, más cuí) 				
7	Am: An ceart glacadh le gníomhaíochtaí nó le hathruithe: <ul style="list-style-type: none"> ▪ Ar an toirt ▪ Sa ghearrthréimhse (laistigh de bhliain) ▪ Sa mheántréimhse (laistigh de chúig bliana) ▪ San fhadtréimhse (idir chúig agus deich mbliana) 				

Ba cheart liosta na roghanna thuas a bheith mar threoir nuair atá treo straitéiseach Fhoras na Gaeilge i dtaobh na n-eagrais bunmhaoinithe á shainmhíniú sa todhchaí. Ba cheart na breathnóireachtaí a rinneadh maidir leis an staid reatha thuas a bheith ag foirmiú cinnteoireachta ar gach gné. Bunaithe ar bhreathnóireachtaí a bailíodh in alt 4, dealraíonn sé go mbeadh roinnt buntáistí ag baint leis an status quo a oiriúnú ar a laghad.

I gcás aon athraithe, beidh gá le plean soiléir agus le creatlach um bhainistíocht athruithe cuí le ráthaíocht a chinntiú agus go háirithe, le cinntiú nach mbeidh phríomhláidreachtaí nó buntáistí na staid reatha curtha i gcontúirt sa phróiseas.